**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

## STAIR – ARDLEIBHÉAL
**(180 MARC)**

**DÉ MÁIRT, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA**

**FREAGAIR GACHCEIST: 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6.**
**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**



[Thall

**1. PICTIÚIR**
(15 marc)

Déan staidéar ar na pictiúir – **A, B** agus **C** – a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Taispeántar dolmain Pholl na Brón i bPictiúr A.*

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an gcloch marcáilte **X**?

…………………………………………………………………………………………….....(1)

(ii) Cén fáth a ndearna feirmeoirí sa Chlochaois struchtúir mar seo a thógáil?

...…………………………………………………………………………………………….

...……………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Cén fáth ar glaodh an Chlochaois ar an tréimhse sin? Tabhair **dhá** chúis.

…………………………………………………………….........................................

…………………………………………………………….........................................

……………………………………………………………………………………………..(2)

(*b*) **PICTIÚR B**

*Taispeántar móta agus bábhún i bPictiúr B*.

(i) Luaigh gné chosanta **amháin** a bhí ag an móta agus bábhún seo.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………. (1)

(ii) Cén fáth ar tógadh an chuid ba mhó díobh in Oirdheisceart na hÉireann?

...…………………………………………………………………………………………….

...……………………………………………………………………………………………(2)

(iii) Cén fáth ar cuireadh caisleáin chloiche ina n-áit? Tabhair **dhá** chúis.

...……………………………………………………………………………………………

...……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………. (2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*I bPictiúr C, taispeántar leathanach ón gcéad leabhar a clódh ar phreas cló inaistrithe.*

(i) Cé a chum preas an chló inaistrithe?

…………………………………………………………………………………………………..(1)

(ii) Cén difríocht a bhí idir preas an chló inaistrithe agus modhanna cló a bhí ann níos luaithe?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(iii) Tabhair **dhá** thoradh thábhachtacha a bhí ar an aireagán seo.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

**2. DOICIMÉID**
(15 marc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Sleachta as ráitis a rinne coilínigh Shasanacha in Éirinn le linn Phlandáil na Mumhan.*

(i) As Doiciméad 1(a), luaigh gné **amháin** de choilíneacht na Mumhan a fuair moladh ón scríbhneoir.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………. (1)

(ii) As Doiciméad 1(b), luaigh **dhá** ghníomh a rinne fir na Mumhan le linn éirí amach na Mumhan.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………. (2)

(iii) De réir Doiciméad 1(c), cén fonn a bhí ar na reibiliúnaithe?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………. (2)

(iv) Ón eolas atá agat faoin bplandáil, cén fáth ar theip ar phlandáil na Mumhan? Tabhair **dhá** chúis.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………..(2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht as agallamh le Myrtle Solomon, as Londain, a tháinig slán ón Blitz, Londain 1940.*

(i) Cén fáth, dar leat, ar lean daoine orthu ag teacht go dtí an t-íoslach gach oíche i bhfad tar éis don Blitz a bheith thart?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(ii) Tabhair **dhá** shampla ón sliocht de ghníomhartha crógachta nó cineáltais ag teaghlach Myrtle.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(iii) Ainmnigh **dhá** mhodh a úsáideadh chun déileáil leis an mbaol a bhain le buamaí loiscneacha.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

(iv) Cén fáth a raibh buamáil ar siúl ag an Luftwaffe ar Londain agus ar chathracha eile na Breataine? Tabhair **dhá** chúis.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………… (2)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ**
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú dhá mharc an ceann iad.

(i) Cad is foinse thánaisteach ann? Tabhair sampla.

Míniú: ……………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………

Sampla: ..…………………………………………………………………………………(2)

(ii) Cad ba chaolach agus dóib ann?

Caolach: …………………………………………………………………………………

Dóib: …………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Cén fáth a raibh tábhacht ag baint leis na heallaigh do na Ceiltigh?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………. (2)

(iv) Cad a bhí san ogham?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………..(2)

(v) Sna meánaoiseanna, cad a bhí i gceist le giústáil?

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………. (2)

(vi) I rith na meánaoiseanna, cad a bhí sa Ghalar Dubh?

……………………………………………………………………………………………. (2)

(vii) Ainmnigh **dhá** chéim i dtraenáil ridire.

…………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………..(2)

(viii) Ainmnigh agus mínigh gléas loingseoireachta **amháin** a úsáideadh le linn Ré na Taiscéalaíochta.

Ainm: ……………………………………………………………………………………...

Míniú: …………………………………………………………………………......................

……………………………………………………………………………………………. (2)

(ix) Tabhair **dhá** bhaol a mbíodh eagla ar mhairnéalaigh rompu le linn Ré na Taiscéalaíochta.

……………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………. (2)

(x) Cén fáth ar thosaigh an Renaissance san Iodáil? Tabhair **dhá** chúis.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xi) Luaigh teoiric nó fionnachtain **amháin** a bhaineann le heolaithe an Renaissance, e.g. Harvey, Vesalius nó Galileo.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xii) Cad a bhí i gceist leis an 'Dubh' ('Dúchan') sna 1840idí in Éirinn?

…………………………………………………………………………………………………..(2)

(xiii) Tabhair **dhá** thoisc a bhí mar chúis leis an Réabhlóid Talmhaíochta.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………..(2)

(xiv) Luaigh **dhá** thoradh a bhí ag an Réabhlóid sna Córais Iompair ar an mBreatain.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xv) Tabhair **dhá** chúis a bhí le Réabhlóid Mheiriceá.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xvi) Cén fáth ar chuir na hAontachtaithe i gcoinne Rialtas Dúchais in Éirinn? Luaigh **dhá** chúis.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xvii) Cén fáth a raibh na Gearmánaigh míshásta le Conradh Versailles? Tabhair **dhá** chúis.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xviii)Cé acu ceannaire Eorpach ar tugadh 'Il Duce' air?

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xix) Ainmnigh an **dá** thír a chuaigh isteach sa CEE le hÉirinn i 1973.

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(xx) Ainmnigh **beirt** a bhí mar Thaoiseach roimh 1997.

…………………………………………………………………………………………………. (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Seandálaí ag obair i dtochailt. (20)

(ii) Manach i mainistir luath-Éireannach. (20)

(iii) Seirfeach i mainéar meánaoiseach. (20)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Ealaíontóir nó dealbhóir, a **ainmníonn** tú, i rith an Renaissance. (20)

(ii) Oibrí i mianach nó i monarcha i rith na Réabhlóide Tionsclaíche. (20)

(iii) Ceannaire, a **ainmníonn** tú, sa choimhlint ar son shaoirse na hÉireann, 1900-1923. (20)

## 5. AN REIFIRMÉISEAN (30 marc)

### FOINSE D

*Seo pictiúr de Mhártan Liútar agus Bulla de chuid an Phápa á dhó aige in Wittenberg, 10 Nollaig 1520.*



*Foinse: www.elca.org*

### FOINSE E

*Sleachta as 95 Théis Mhártan Liútar. 31 Deireadh Fómhair, 1517.*

**36.** Tá an ceart ag aon Chríostaí, a bhfuil fíor-aithrí air, ar mhaithiúnas iomlán ó aon phionós agus ó aon chiontacht, fiú gan litreacha logha.

**47.** Táthar chun Críostaithe a mhúineadh go bhfuil ceannach na loghanna ina ábhar saor-rogha, nach n-ordaítear d'aon duine.

**49**. Táthar chun Críostaithe a mhúineadh nach bhfuil loghanna de chuid an Phápa tairbheach ach amháin mura gcuireann daoine a n-iontaoibh iontu, ach an-díobhálach má chailleann siad eagla Dé dá mbarr.

**53**. Is naimhde Chríost agus an Phápa iad sin a chuireann cosc go hiomlán ar theagasc Bhriathar Dé i roinnt eaglaisí chun gur féidir loghanna a theagasc in eaglaisí eile.

**54.** Déantar dochar do Bhriathar Dé nuair a thugtar, sa seanmóir chéanna, oiread ama, nó níos mó, do loghanna seachas don Bhriathar.

**62.** Is é an soiscéal rónaofa de ghlóire agus de ghrásta Dé fíorsheoid na heaglaise.

*Foinse: Internet Medieval Sourcebook. [www.fordham.edu/halsall/sbook.htm](www.fordham.edu/halsall/sbook.htm)*

**A.** **Foinse D**

(i) Cad ba Bhulla de chuid an Phápa ann? (2)

(ii) Cén fáth a bhfuil an Bulla seo de chuid an Phápa á dhó ag Liútar? (2)

(iii) Cad a tharla do Liútar de bharr an ghnímh seo? (2)

**B.** **Foinse E**

*Déan staidéar ar na sleachta as na 95 Théis agus freagair na ceisteanna seo a leanas*:

(i) Cén ceart atá ag Críostaí a bhfuil fíor-aithrí air? (2)

(ii) Cad í fíorsheoid na hEaglaise? (2)

(iii) De réir na dtéiseanna a thaispeántar thuas, an bhfuil Liútar go hiomlán i gcoinne loghanna a dhíol? Mínigh do fhreagra? (4)

(iv) Cén fáth an dóigh leat ar scanraigh na téiseanna an Pápa?
Tabhair **dhá** chúis le do fhreagra. (4)

**C.** *"D'athraigh an Reifirméisean dreach na hEorpa"*
Scríobh faoi cheann **amháin** de na hábhair seo a leanas:

(i) An tionchar a bhí ag an Reifirméisean ar Éirinn.

(ii) Cogaí reiligiúnacha san Eoraip.

(iii) An Frith-Reifirméisean. (12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

## (A) SIBHIALTACHT ÁRSA – LASMUIGH D'ÉIRINN

(i) Ainmnigh **dhá** éacht ag sibhialtacht ársa, a **ainmníonn** tú, lasmuigh d'Éirinn. (2x2)

(ii) Mínigh conas a thángthas ar eolas faoin tsibhialtacht seo. (6)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann de na gnéithe seo a leanas den tSibhialtacht Ársa atá **ainmnithe** agat:

(a) Nósanna adhlactha agus Reiligiún.

(b) Bia agus éadaí.

(c) Ealaíona, Ceirdeanna agus Obair. (10x2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) Luaigh **dhá** chineál foinse príomha a d'fhéadfadh a bheith úsáideach agus duine ag déanamh staidéir ar an athrú sóisialta in Éirinn. (2x2)

(ii) Luaigh **trí** mhór-athrú ar shaol na talmhaíochta ó 1900 i leith. (2x3)

(ii) Scríobh faoi athruithe in **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas ó 1900 i leith:

(a) Iompar.

(b) Saol na mBan.

(c) Fóillíocht (Caitheamh aimsire). (10x2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) Mínigh **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas:

*Na Dúchrónaigh; Domhnach na Fola (1920); "An Scuad"; Reacht Westminster; An Cogadh Eacnamaíoch.* (2x3)

(ii) Tabhair **dhá** chúis ar fhan Éire neodrach sa Dara Cogadh Domhanda, 1939-1945. (2x2)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann de na gnéithe seo a leanas in Éirinn tar éis an chogaidh:

(a) Forbairtí polaitiúla i bPoblacht na hÉireann i rith na 1950idí.

(b) Forbairtí polaitiúla i bPoblacht na hÉireann i rith na 1960idí.

(c) Forbairtí polaitiúla i dTuaisceart Éireann, 1963-1974. (10x2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Mínigh an bhrí atá le **dhá** cheann díobh seo a leanas:

*Blitzkrieg; Lebensraum; An Rualoscadh; An Réiteach Deiridh; U-bhád.*

(2x2)

(ii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** de na hoibríochtaí míleata seo a leanas le linn an Dara Cogadh Domhanda:

(a) Cath na Breataine.

(b) Oibríocht Barbarossa.

(c) Oibríocht Overlord. (10)

(iii) Roghnaigh ábhar **1** nó **2** nó **3** thíos.

**ÁBHAR 1 FÁS NA SÁRCHUMHACHTAÍ**

(a) Cén fáth ar thosaigh an Cogadh Fuar tar éis an Dara Cogadh Domhanda? Tabhair **dhá** chúis. (4)

(b) Scríobh cuntas ar ghéarchéim mhór **amháin** a ainmníonn tú, sa Chogadh Fuar idir SAM (USA) agus an tAontas Sóivéadach (USSR) i rith na tréimhse 1945-63. (12)

**NÓ**

**ÁBHAR 2 GLUAISEACHTAÍ I dTREO AONTAS NA hEORPA**

(a) Cén fáth a raibh gluaiseacht ar son Aontas na hEorpa ann tar éis 1945? (4)

(b) Scríobh faoi na himeachtaí as ar tháinig breis aontais san Eoraip, 1973-1992. (12)

**NÓ**

**ÁBHAR 3 NAISIÚNACHAS SAN AFRAIC AGUS SAN ÁISE**

(a) Cén fáth ar thosaigh tíortha Eorpacha ar a gcuid coilíneachtaí a thabhairt suas tar éis 1945? (4)

(b) Tabhair cuntas ar an gcoimhlint don neamhspleáchas ag tír, a ainmníonn tú, san Afraic nó san Áise tar éis 1945. (12)